Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Márta 2022
(OR. fr)

6826/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0069(NLE)**

MIGR 69
JAI 285
FRONT 95
ASILE 28
COEST 166

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos gurb ann do mhórphlódú daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach<br>– Glacadh |

1. An 2 Márta 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar síos gurb ann do mhórphlódú daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001, lena dtugtar isteach cosaint shealadach a thabhairt isteach i gcomhréir le forálacha na Treorach seo.

2. An 2 Márta 2022, chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid COREPER agus thíolaic sé é ag an gcruinniú a bhí ag Comhairleoirí CGB freisin.

3. An 3 Márta 2022, tháinig an Chomhairle CGB ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Treoir um Chosaint Shealadach a ghníomhachtú.

4. An 4 Márta 2022, d'fhormheas Coreper téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 6846/22 é, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

– téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar síos gurb ann do mhórphlódú daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle, mar a leagtar amach in 6846/22 é, a ghlacadh;

– an ráiteas ó na Ballstáit atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur na miontuairiscí.